Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Fógra Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí do:** Chlár na dToghthóirí

**Cé muide agus cén fáth a dteastaíonn do chuid faisnéise uainn?**
Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar cháilíocht beatha a chónaitheoirí. Is príomhchuspóir de chuid na Comhairle seirbhísí ardchaighdeáin, dírithe ar an gcustaiméir, a chur ar fáil, rud atá soiléir ónár bPlean Corparáideach.

Ní cáilíocht agus inrochtaineacht na seirbhísí a chuirimid ar fáil amháin atá san áireamh sa tiomantas seo, ach tá trédhearcacht agus sláine ár bpróiseas cinnteoireachta, éifeachtúlacht ár n-oibríochtaí, agus ár gcumas oiriúnú do riachtanais agus do chúinsí atá ag athrú mar chuid de freisin.

Chun seirbhísí éifeachtacha agus spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaoine aonair, do phobail agus do ghnólachtaí ar fud an chontae, b'fhéidir go mbeadh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe cineálacha éagsúla faisnéise a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid. Ag brath ar an tseirbhís atá i gceist, d'fhéadfadh sonraí pearsanta mar a shainmhínítear faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a bheith san áireamh leis seo.

**Ráiteas Gealltanas Príobháideachta**
Tá an ráiteas príobháideachta seo forbartha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun ár dtiomantas do do shonraí pearsanta a chosaint a léiriú agus chun a dhearbhú duit, i ngach idirghníomhaíocht a bheidh agat le Comhairle Chontae na Gaillimhe, go láimhseálfaimid do shonraí go slán agus i gcomhréir le reachtaíocht um chosaint sonraí.

Bailíonn, cruthaíonn agus próiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe méid suntasach sonraí pearsanta i bhformáidí éagsúla mar chuid dá hoibríochtaí laethúla. Is é ár ngealltanas go mbeidh aon sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú dúinn:

- Bailithe go dleathach, go cothrom, agus ar bhealach trédhearcach
- In úsáid chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha amháin
- Leordhóthanach, ábhartha, agus teoranta don mhéid is gá chun na críocha sin
- Taifeadta agus stóráilte go cruinn agus go slán, agus coinnithe cothrom le dáta nuair is gá
- Coinnithe chomh fada agus is gá chun na críocha ar bailíodh iad
- Coinnithe i bhfoirm a cheadaíonn sainaithint daoine aonair chomh fada agus is gá amháin
- Próiseáilte ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí, lena n-áirítear cosaint i gcoinne próiseála neamhúdaraithe nó mídhleathaí

Míníonn an Fógra Príobháideachta seo conas a bhailíonn, a úsáideann, a stórálann agus a roinneann Comhairle Chontae na Gaillimhe sonraí pearsanta i ndáil le hullmhú agus cothabháil leanúnach Chlár na dToghthóirí. Ba chóir é a léamh i gcomhar le Ráiteas

Príobháideachta agus Beartas Cosanta Sonraí foriomlán Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ina leagtar amach ár gcur chuige ar fud na heagraíochta maidir le cosaint sonraí.

**Cén Fhaisnéis a bhailímid?**

- Ainm (Céadainm agus Sloinne)
- Seoladh lena n-áirítear Éirchód (reatha agus roimhe seo)
- Dáta breithe
- Náisiúntacht (agus náisiúntacht roimhe seo má athraíodh í)
- Sonraí teagmhála (ríomhphost agus teileafón)
- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP),

**Conas a úsáidimid an fhaisnéis seo**

Úsáidtear na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil chun na críocha seo a leanas:

- Chun Clár Toghthóirí cruinn agus cothrom le dáta a chur le chéile, a chothabháil agus a fhoilsiú. (clár reachtúil de dhaoine atá incháilithe chun vótáil i dtoghcháin áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus uachtaránachta, agus i reifrinn).
- Chun incháilitheacht duine aonair chun vótála a chinneadh agus a thaifeadadh, lena n-áirítear catagóir toghcháin agus teidlíochtaí vótála.
- Chun ligean do dhaoine aonair clárú mar vótálaithe nua.
- Chun ligean do dhaoine aonair a sonraí toghcháin a sheiceáil.
- Chun ligean do dhaoine aonair a sonraí toghcháin a uasdátú nó a cheartú, lena n-áirítear athruithe seolta nó saoránachta.
- Chun tacú le dearbhú aitheantais agus seiceálacha sláine clárúcháin, lena n-áirítear cosc a chur ar chlárúcháin dhúblacha nó mhíchruinne.
- Chun próisis thoghcháin ghaolmhara a riaradh, lena n-áirítear ullmhú liostaí toghcháin agus eisiúint cártaí vótála.
- Chun próisis thoghcháin shlána agus éifeachtúla a chinntiú.

Níl sa Chlár Toghthóirí foilsithe ach ainm, seoladh agus Éirchód, mar a cheanglaítear le dlí.

Ní fhoilsítear aon sonraí pearsanta eile (lena n-áirítear UPSP, dáta breithe agus sonraí teagmhála) agus úsáidtear iad chun críocha riaracháin, dearbhaithe agus sláine amháin i gcomhréir le reachtaíocht toghcháin agus dlí cosanta sonraí.

**Céard é ár mbonn dlíthiúil le do Shonraí Pearsanta a phróiseáil?**

Próiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a bhaineann le Clár na dToghthóirí i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus dlí is infheidhme na hÉireann. Is iad seo a leanas na bunúis dhlíthiúla a bhfuiltear ag brath orthu chun Sonraí Pearsanta a phróiseáil ná**:**

Airteagal 6(1)(c) RGCS: Tá próiseáil riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe faoina réir a chomhlíonadh.

Airteagal 6(1)(e) RGCS: Tá gá le próiseáil chun tasc a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Próiseáiltear Sonraí Pearsanta a bhaineann le Clár na dToghthóirí i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoin reachtaíocht seo a leanas:

Acht Toghcháin 1992 (arna leasú), Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, Acht na nGiúiréithe 1976

**Cé leis a roinnfear do Sonraí Pearsanta?**

Féadfar sonraí pearsanta a roinnt mar seo a leanas:

- **Údaráis áitiúla eile** – i gcás ina bhfuil athrú seolta go ceantar lasmuigh den Chontae, féadfar sonraí ábhartha an iarratais a roinnt leis an údarás áitiúil cuí chun Clár na dToghthóirí a uasdátú.
- **An Roinn Coimirce Sóisialaí** – chun críocha fíoraithe sainaitheantais
- **Ionadaithe Tofa** (Comhairleoirí, Teachtaí Dála, Feisirí Eorpacha agus Seanadóirí) agus páirtithe polaitíochta – an fhaisnéis uile a fhoilsítear i gClár na dToghthóirí, mar a cheanglaítear faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022.
- **Cláraitheoir an Chontae agus Ceann Comhairimh Toghcháin** – an fhaisnéis uile a fhoilsítear i gClár na dToghthóirí, mar a cheanglaítear faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022.
- **An tSeirbhís Chúirteanna** – an fhaisnéis uile a fhoilsítear i gClár na dToghthóirí, mar a cheanglaítear faoi Acht na nGiúiréithe1976.
- **An Post** – chun críocha an Litir Thoghcháin (cárta vótála) a eisiúint, ag baint úsáid as an bhfaisnéis a fhoilsítear i gClár na dToghthóirí, i gcomhréir leis an reachtaíocht toghcháin.

Féadfaimid do shonraí pearsanta a roinnt go hinmheánach le ranna ábhartha chun na críocha atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh.

I gcás ina roinntear sonraí pearsanta go seachtrach, cinntíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil coimircí iomchuí i bhfeidhm, amhail conarthaí, meabhráin tuisceana, nó comhaontuithe comhroinnte faisnéise, chun cloí le reachtaíocht um chosaint sonraí.

Féadfaimid do shonraí a roinnt leis na catagóirí tríú páirtithe seo a leanas (más ábhartha):

- Soláthraithe seirbhísí TF agus díoltóirí bogearraí
- Comhairleoirí dlí agus gairmiúla

- Ranna rialtais agus comhlachtaí reachtúla
- Údaráis rialála nó forfheidhmithe dlí (más gá de réir dlí)
- Tacaíonn agus riarann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) leis an gCóras Bainistíochta Toghthóirí (iReg agus Check the Register) a úsáideann údaráis áitiúla chun Clár na dToghthóirí a bhainistiú agus a chothabháil.

I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh ceangal dlíthiúil orainn sonraí pearsanta a nochtadh gan na socruithe sin (e.g., imní maidir le cosaint).

Déantar measúnú ar gach comhroinnt sonraí lena chinntiú go bhfuil sé riachtanach, comhréireach agus slán.

**Cén chaoi a gcosnóimid do Shonraí Pearsanta?**

Stórálfar aon sonraí pearsanta a bhailítear go slán agus go rúnda de réir Ráiteas Príobháideachta agus Beartas Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Stórálfar sonraí in áitreabh Chomhairle Chontae na Gaillimhe nó ar ardáin TF slána atá lonnaithe laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), faoi réir chaighdeáin Eorpacha maidir le cosaint sonraí.

**Cé chomh fada a choinneoimid do Shonraí Pearsanta?**

Ní choinneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun cuspóir na próiseála a chomhlíonadh nó de réir mar a cheanglaítear le dlí, i gcomhréir lenár mbeartais choinneála.

**Cad iad na cearta atá agat?**

Faoi reachtaíocht um chosaint sonraí, tá na cearta seo a leanas agat:

- An ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta
- An ceart chun sonraí míchruinne a cheartú
- An ceart chun scriosadh (i gcúinsí áirithe)
- An ceart chun próiseáil a shrianadh
- An ceart agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála
- An ceart chun inaistritheacht sonraí (más infheidhme)
- An ceart gan a bheith faoi réir cinnteoireachta uathoibrithe (más infheidhme)

Is féidir leat dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar 091 509319 nó dpo@galwaycoco.ie

**Ceart Gearáin chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí**

Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a fuair tú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le do Shonraí Pearsanta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil, lena n-áirítear conas gearán a dhéanamh, ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ag:
**https://www.dataprotection.ie/**

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag:

**An Coimisiún um Chosaint Sonraí**
Teach na Canálach
Bóthar an Stáisiúin
Cúil an tSúdaire
Co. Laoise
R32 AP23

Ríomhphost: **info@dataprotection.ie**